National Traveller Accommodation
Consultative Committee
An Coiste Comhairleach Náisiúnta
um Chóiríocht don Lucht Siúil

Tuarascáil Bhliantúil 2004

Teach an Chustaim,
Baile Átha Cliath 1
Guthán: (01) 888 2121
Locall: 1890 20 20 21
Facs: (01) 888 2619
email: ntacc@environ.ie



(ó chlé) Chris Flood, Cathaoirleach an Choiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil, ag bualadh le Noel Ahern, T.D., an tAire Tithíochta agus Athnuachana Uirbí agus Niall Callan, Ard-Rúnaí na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agua Rialtais Áitiúil

Grianghraf: Lensmen & Comhpháirtithe

Clár Ábhar

1.	**Ráiteas an Chathaoirligh**	**4**
2.	**Eolas Ginearálta**	**8**
	Bunú	8
	Téarmaí Tagartha	8
	Comhaltaí den Choiste	8
	Tuairisc Bhliantúil an Choiste	9
	Cruinnithe	9
3.	**Achoimre ar Phríomhimeachtaí**	**11**
	Athbhreithniú ar Oibriú Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998	11
	Comhfhochiste na Roinne Sláinte agus Páistí agus na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	11
	Cóiríocht na nÚdarás Áitiúla don Lucht Siúil sa bhliain 2004	12
	Tionchar na gCláracha Cóiríochta tosaigh don Lucht Siúil, 2000-2004	13
	Grúpa Oibre um Chóiríocht do Neamhchónaitheoirí	13
	Aonaid Folmha Cóiríochta don Lucht Siúil	15
	Cuairteanna ar Chóiríocht don Lucht Siúil	15
	Grúpa Oibre Comhairliúcháin	15
	Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil	16
4.	**Airgeadas**	**17**
5.	**Aguisíní**	**18**
	Aguisín I	
	Cóiríocht a Cuireadh ar Fáil sa bhliain 2004	18
	Aguisín II	
	Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil sa bhliain 2004	22

Ráiteas an Chathaoirligh

Cathaoirleach – Chris Flood

Tá áthas orm an séú Tuairisc Bhliantúil den Choiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil a chur faoi bhráid an Aire Tithíochta agus Athnuachan Uirbí. Clúdaíonn an tuairisc seo - don bhliain 2004 - an dara bhliain den Choiste atá ann faoi láthair, agus an bhliain deiridh de na céad cláracha cóiríochta don Lucht Siúil.

Ghlac údaráis áitiúla na cláracha cúig bliana seo sa bhliain 2000 faoi Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998. Sa bhliain 2003 thosaigh an Coiste - trí fhochoiste dá chomhaltaí - a athbhreithniú ar oibriú an Achta seo, agus críochnaíodh an t-athbhreithniú seo sa bhliain 2004. Bhí réimse leathan ag an athbhreithniú seo a chlúdaigh, i measc rudaí eile, forbairtí i soláthar cóiríochta don Lucht Siúil ó 1996 go 2003, na cláracha cóiríochta 2000-2004, nithe pleanála, campaí neamhúdaraithe, agus oibriú na gCoistí Comhairleacha um Chóiríocht don Lucht Siúil, idir náisiúnta agus áitiúil. Thug an Coiste tuairisc ar a thátail don Aire i rith na bliana.

I dTuairisc Bhliantúil 2003 tugadh suntas don laghdú i líon na dteaghlach Lucht Siúil tá ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe, agus leanadh den laghdú sin sa bhliain 2004. Laghdaíodh ar líon na dteaghlach ina gcónaí ar láithreáin dá leithéid ó 788 ag deireadh 2003, go 601 teaghlaigh ag deireadh 2004. Thar tréimhse na gcláracha cúig bliana bhí titim 50% i líon na dteaghlach ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe - ó 1207 teaghlaigh ag deireadh na bliana 1999 (ag tús na gcláracha) go 601 teaghlaigh ag deireadh na bliana 2004 (nuair a cuireadh críoch leis an cláracha tosaigh). Cé gur mórghníomh é laghdú 50% laistigh de chúig bliana, níl mórán sásaimh ansin do thuismitheoirí atá fós ina gcónaí i gcoinníollacha do-ghlactha agus ag tógáil clainne sna coinníollacha sin. Caithfidh gach duine atá ag plé le cóiríocht don Lucht Siúil - ionadaithe tofa agus oifigigh ar údaráis áitiúla, agus baill den phobal socraithe agus den Lucht Siúil ina measc - leanúint ag iarraidh cóiríocht den scotha a sholáthar do theaglaigh Lucht Siúil ar fad.

Bhí dul chun cinn dearfach ann i réimsí eile den soláthar cóiríochta don Lucht Siúil sa bhliain 2004. Mhéadaigh líon na dteaghlach Lucht Siúil i dtithíocht ghrúpaí ó 545 ar deireadh na bliana 2003 go 582 ag deireadh na bliana 2004, agus mhéadaigh líon na dteaghlach Lucht Siúil a mheastar a bheith ag soláthar cóiríochta óna n-acmhainní féin ó 443 go 464 sa tréimhse chéanna. Tugtar sonraí ar an gcóiríocht a chuir gach údarás áitiúil ar fáil sa bhliain 2004 in Aguisín I.

Ní raibh ann ach trí chruinniú den Choiste sa bhliain 2004, ach tharla seo toisc gur chaith an chuid is mó de chomhaltaí an Choiste, a bhí ina gcomhaltaí den fhochoiste freisin, cuid mhaith ama ar an athbhreithniú ar Acht 1998. Mar sin féin, thosaigh an Coiste ag obair ar roinnt nithe tábhachtacha, agus bhunaigh sé Grúpaí Oibre chun plé le comhchomhairle agus le cóiríocht do neamhchónaitheoirí. D'aontaigh comhaltaí den Choiste freisin freastal ar chomhchoiste le comhaltaí den Choiste Comhairleach um Shláinte don Lucht Siúil. Caitheann comhaltaí an Choiste an-chuid ama ar na Coistí, Grúpaí Oibre, agus Comhchoistí seo agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo as a ndíogras.

Tá polasaí ag an gCoiste cuairteanna a dhéanamh gach uile bhliain chun fíricí a fháil toisc go dtugann na cuairteanna seo deis do chomhaltaí an Choiste forbairtí ag leibhéal áitiúil a fheiceáil ar an bpointe. Sa bhliain 2004 thug an Coiste cuairt ar chóiríocht speisialta don Lucht Siúil i gceantar Chathair Phort Láirge agus ba mhaith leis an gCoiste buíochas a ghabháil le Comhairle na Cathrach, an Grúpa áitiúil Tacaíochta don Lucht Siúil, agus go háirithe leis an teaghlaigh Lucht Siúil ar bhuail siad leo le linn na cuairte seo agus a roinn taithí agus eolas le comahltaí an Choiste.

I rith na bliana d'éirigh Joe Harrington as an gCoiste nuair a tugadh dualgaisí eile dó laistigh den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Joe as an méid a rinne sé don Choiste agus don Fhochoiste araon, agus gach rath a ghuí air ina phost nua.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a chuidigh leis an gCoiste chun a chuid feidhmeanna reachtúla a chur i gcrích. Thug an tAire Noel Ahern, T.D., Aire Tithíochta agus Athnuachana Uirbí spreagadh dúinn. Thug comhaltaí an Choiste (cuid mhór díobh ina gcomhaltaí d'Fhochoiste an

Achta 1998 freisin) a gcuid ama agus eolais go flathúlach. Thug foireann an Aonaid Cóiríochta don Lucht Siúil sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tacaíocht riaracháin phrofisiúnta agus chaoithiúil don Choiste. Tá áthas orm buíochas a ghabháil leis na daoine agus na grúpaí seo, a chuidigh leis an gCoiste bliain rathúil eile a bheith againn.

Chris Flood
Cathaoirleach

Naomh Maighréad, Baile Méic, Fine Ghall

Eolas Ginearálta

Bunú

Bunaíodh an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil (NTACC) ar bhonn reachtúil ar 29 Aibreán 1999 faoi réir Ailt 19 agus 20 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998. Bunaíodh an dara NTACC ar 10 Márta 2003

Téarmaí Tagartha

Is iad seo a leanas téarmaí tagartha an Choiste:-

Comhairle a thabhairt don Aire

i ndáil le haon ní ginearálta a bhaineann le cóiríocht don lucht siúil;

i ndáil le haon ní a tharchuirfidh an tAire chuige;

i ndáil leis na bearta is mo is cuí chun feabhas a chur, ag an leibhéal áitiúil, ar chomhchomhairle leis an lucht siúil agus rannpháirteachas an lucht siúil nuair a bhíonn cóiríocht á cur ar fáil agus á bainistiú;

i ndáil le nithe ginearálta a bhaineann le hullmhú, le leordhóthanacht, le cur i ngníomh agus le comhordú clár cóiríochta don lucht siúil.

Committee Membership

An tUasal Chris Flood	Cathaoirleach
Iníon Kathleen Bonar	Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
An Comhr William Callaghan	Cumann Údarás Cathrach na hÉireann
An tUasal Martin Collins	Ionad Lucht Siúil Pavee Point
An Comhr Thomas Cunningham	Comhairle Ginearálta na gComhairlí Contae
An tUasal Alex Fleming	Cumann Bainisteoirí Contae agus Cathrach
An tUasal Joe Harrington*	An Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil
Iníon Maria Joyce	Fóram Náisiúnta Mhná an Luchta Siúil
An tUasal Brendan Kenny	Cumann Bainisteoirí Contae agus Cathrach
Iníon Ellen Mongan	Ainmní an Aire
An tUasal Séamus O'Connor	Ainmní an Aire
Folúntas	Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann

An tUasal Eugene J. Doyle Rúnaí don Choiste

* D'éirigh an tUas. Harrington as an gCoiste i rith na bliana, nuair a bhog sé ón Aonad um Chóiríocht don Lucht Siúil go dualgaisí eile.

Tuairisc Bhliantúil an Choiste

Faoi réir Acht 19 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 caithfidh an Coiste tuairisc bhliantúil maidir lena chuid gníomhaíochtaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Tithíochta agus Athnuchana Uirbí, a chuirfidh faoi deara cóipeanna den tuaraisc sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Clúdaíonn an Tuairisc seo an tréimhse ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2004.

Cruinnithe

Bhí tromlach de chomhaltaí an NTACC ina gcomhaltaí freisin d'fhochoiste a rinne athbhreithniú ar Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 (féach leathanach 11, led' thoil). Ba é an t-athbhreithniú seo príomhthasc a ghlac an NTACC air féin sa bhliain 2004 agus, i dteannta le cruinnithe den bhfochoiste, bhí trí chruinniú den Choiste iomlán idir Eanáir agus Nollaig 2004.

Is é seo a leanas líon na gcruinnithe a d'fhreastal gach comhalta den Choiste orthu sa bhliain 2004: Chris Flood, Uas. (3), Kathleen Bonar, Uas. (2), An Comhairleoir William Callaghan (1), Martin Collins, Uas. (3), Thomas Cunningham, Uas. (2), Alex Fleming, Uas. (2), Joe Harrington, Uas.* (1 - Bhí Mary O'Donoghue Uas. mar ionadaí ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag an dá chruinniú eile), Maria Joyce, Uas. (3), Brendan Kenny, Uas. (1), Ellen Mongan, Uas. (2), Séamus O'Connor, Uas. (2). Bhí Claire Davey, Uas. mar ionadaí ag Irish Traveller Movement ag dhá chruinniú sa bhliain 2004.

Bealach Fada, Droichead an Chláir, Co. an Chláir

Achoimre ar Phríomhimeachtaí

1. Athbhreithniú ar Oibriú Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998

Mar a luadh i dTuairisc Bhliantúil an Choiste don bhliain 2003, d'iarr an tAire Tithíochta agus Athnuachana Uirbí ar an NTACC athbhreithniú a dhéanamh ar Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998, agus tuairisc a chur faoina bhráid. Tháinig an fochoiste, a rinne an t-athbhreithniú, le chéil don chéad uair i mí Iúil 2003 agus bhí seacht gcruinniú eile aige le linn 2004.

Le linn 2003 agus 2004 bhí 13 cruinniú ag an bhfochoiste, agus mar thoradh orthu sin deineadh athbhreithniú suntasach go mion ar oibriú Acht 1998. Bunaithe ar bhreis ag ceithre bliana de thaithí ar oibriú na reachtaíochta (ó thosaigh na cláracha cóiríochta don Lucht Siúil go luath sa bhliain 2000) agus ag baint leasa as eolas cuimsitheach agus ilchineálach chomhaltaí an fhochoiste, le cúnamh ó shaineolaithe seachtracha nuair ba ghá, chuir an Coiste tuarascaíl faoi bhráid an Aire ina raibh breis agus 30 moladh. Bhain siad seo le hábhair ar nós spriocanna bliantúla do sholáthar cóiríochta don Lucht Siúil; treoirlínte maidir le comhchomhairle; ról níos leithne don NTACC; ballraíocht, oibriú agus feidhmeanna tuairisce na gCoistí Áitiúla Comhairleacha um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACCanna); láithreáin staid do neamhchónaitheoirí; agus moltaí maidir le húsáid teoranta de reachtaíocht um Ord Poiblí i gcásanna áirithe.

2. Comhfhochiste na Roinne Sláinte agus Páistí agus na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Sa bhliain 2000 sa tuairisc dar teideal *First Progress Report of the Committee to Monitor and Coordinate the Implementation of the Recommendations of the Task Force on the Travelling Community* moladh, i measc rudaí eile, go mbreithneodh an Roinn Sláinte agus Páistí (DoHC) agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DoEHLG) ar fheabhsúcháin ar ghnéithe sláinte comhshaoil de láithreáin staid. Sa bhliain 2002 mhol an cháipéis dar teideal *Traveller Health - A National Strategy 2002-2005* freisin go mbeadh comhordú níos fearr de sheirbhísí sláinte agus cóiríochta maidir le nithe ar nós sláinte comhshaoil ar na láithreáin seo. Níos déanaí sa bhliain 2002 bhuail oifigigh ón dá Roinn thuasluaite le chéile agus mhol siad go mbunófaí comhfhochiste, ina mbeadh comhaltaí den Choiste Comhairleach um Shláinte don Lucht Siúil (THAC) agus an NTACC.

Sa bhliain 2004 d'ainmnigh an NTACC cúigear dá chomhaltaí mar chomhaltaí den chomhfhochoiste, agus bhí an chéad cruinniú foirmeálta den chomhfhochoiste i Meán Fómhair 2004. Mar thús, deineadh an straitéis sonraí a mhol taobh na Sláinte a mheas, maraon leis an ról a d'fhéadfadh a bheith ag údaráis áitiúla i mbailiú sonraí tríd an phróiseas bliantúil comhairimh. Bhí an plé fós ar siúl ag deireadh na bliana 2004.

3. Cóiríocht na nÚdarás Áitiúla don Lucht Siúil sa bhliain 2004

Leanann an dul chun cinn dearfach i soláthar cóiríochta don Lucht Siúil mar a luadh i dTuairisc Bhliantúil an Choiste do 2003. Cé go raibh 4,959 teaghlach Lucht Siúil i gcóiríocht de chuid na n-údarás áitiúla nó le cúnamh ó údaráis áitiúla, faoi dheireadh 2003, bhí an uimhir seo méadaithe go 5,106 teaghlach faoi dheireadh na bliana 2004. Sa tréimhse chéanna laghdaíodh go mór ar líon na dteaghlach Lucht Siúil ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe, ó 788 teaghlach go 601 teaghlach.

Bhí forbairtí deimhneacha ann maidir le tromlach na roghanna cóiríochta le linn 2004. Bhí 140 teaghlach sa bhreis i ngnáth-thithíocht de chuid údaráis áitiúil ag deireadh 2004 ná mar a bhí ag tús na bliana. Ar an gcaoi chéanna, bhí 37 teaghlach sa bhreis i dtithíocht ghrúpaí, agus 47 teaghlach sa bhreis i dtithe príobháideacha le cúnamh ó údaráis áitiúla ag deireadh na bliana 2004, i gcomparáid leis an staid a bhí ann ag deireadh na bliana 2003. Cuirtear fáilte riomh líon na dteaghlach atá ina gcónaí i gcóiríocht dá gcuid féin - méadú 21 go 464 - agus líon na dteaghlach Lucht Siúil ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos - méadú 193 go 486.

Maidir le láthreáin staid, léiríonn na figiúirí go raibh freastal á dhéanamh ar níos lú teaghlach ag láithreáin dá leithéid ag deireadh na bliana 2004 ná mar a bhí bliain roimhe sin. Cé gur deineadh soláthar do 1,398 teaghlach ar na láithreáin seo ag deireadh 2003, laghdaigh an uimhir seo go 1,321 faoi dheireadh 2004. Cé nach féidir míniú iomlán a thabhairt ar an bhforbairt seo, glactar leis gur bhog cuid de na teaghlaigh a bhíodh ina gcónaí ar láithreáin staid roimhe sin go dtí na roghanna eile cóiríochta a luaitear thuas.

4. Tionchar na gCláracha Cóiríochta tosaigh don Lucht Siúil, 2000-2004

Tá sé tráthúil, sa Tuairisc Bhliantúil do 2004, forbhreathnú a dhéanamh ar fhorbairtí a tharla le linn tréimhse na gcláracha cóiríochta tosaigh don Lucht Siúil (2000-2004). Le linn na tréimhse seo, mhéadaigh líon iomlán na dteaghlach Lucht Siúil a fuair cóiríocht ó údaráis áitiúla nó le cúnamh uathu agus ar láithreáin neamhúdaraithe ó 4,790 teaghlach (deireadh 1999) go 5,707 teaghlach (deireadh 2004) – méadú de 917 teaghlach.

In ainneoin an méadú i líon iomlán na dteaghlach Lucht Siúil, tá laghdú suntasach i líon na dteaghlach ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe. D'ísligh an grúpa seo ó 1,207 teaghlach ag deireadh 1999, go 601 teaghlach ag deireadh 2004. Is ionainn an uimhir deiridh seo agus beagán níos lú ná leath de líon na dteaghlach a bhí ina gcónaí at láithreáin neamhúdaraithe nuair a thosaigh na cláracha. Cúis sásaimh agus dúshlán don todhchaí is ea an laghdú mór seo. Cé nach é líon na dteaghlach Lucht Siúil ar láithreáin neamhúdaraithe an t-aon thomhas at riachtanais cóiríochta i measc an Lucht Siúil, tá an Coiste dírithe ar chuidiú le líon na dteaghlach atá ina gcónaí i gcoinníollacha dá leithéid a laghdú a thuilleadh.

5. Grúpa Oibre um Chóiríocht do Neamhchónaitheoirí

Mhol Tuairisc an Tascfhórsa ar an Lucht Siúil i 1995 go gcuirfí líonra de láithreáin cóiríochta ar fáil do neamhchónaitheoirí, ag an am céanna le cineálacha eile d'áiseanna cóiríochta, i gceantar gach údaráis áitiúil. Tá iallach ar údaráis áitiúla, faoi réir Ailt 10(3)(c) d'Acht na dTithí (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 láithreáin a sholáthar do neamhchónaitheoirí. Tá an Coiste buartha faoin easpa dul chun cinn maidir le soláthar cóiríochta do neamhchónaitheoirí, faoi na cláracha cóiríochta tosaigh don Lucht Siúil (2000–2004).

Mar sin, tá Grúpa Oibre bunaithe ag an gCoiste chun modhanna a scrúdú lena chinntiú go ndéantar dul chuun cinn i soláthar cóiríochta den tsórt sin faoi na dara cláracha (2005–2008). Bhí an chéad cruinniú ag an ngrúpa oibre i mí na Nollag 2004.

Coill Tuibear, Áth Cliath Theas

6. Aonaid Folmha Cóiríochta don Lucht Siúil

Sa bhliain 2003 d'iarr an tAire Tithíochta agus Athnuachana Uirbí ar an gCoiste fiosrú a dhéanamh ar aonaid folmha cóiríochta don Lucht Siúil - idir tithíocht ghrúpaí agus láithreáin staid. Rinne an Coiste an t-ábhar seo a bhreithniú a thuilleadh sa bhliain 2004 agus d'aontaigh sé ar théacs do chiorclán agus ceistneoir le heisiúint dos na húdaráis áitiúla ar fad, sa chaoi is go bhféadfaí an staid faoi láthair a aimsiú maidir le cóiríocht fholamh.

7. Cuairteanna ar Chóiríocht don Lucht Siúil

Cleachtas seanbhunaithe is ea é cuairt a thabhairt ar láithreáin cóiríochta don Lucht Siúil gach bhliain. Le linn 2004 thig an Coiste cuairt ar áiseanna cóiríochta i gceantar Chathair Phort Láirge. AR na hócáidí seo bualann an Coiste leis an Lucht Siúil áitiúil, ionadaithe ón Lucht Siúil agus ionadaithe ó na húdaráis áitiúla.

D'fháiltigh Méara Phort Láirge roimh an gCoiste, agus bhí comhaltaí an Choiste in ann cuid den chóiríocht ar leith a chuireann an Chomhairle ar fáil don Lucht Siúil a fheiceáil. Ceadaíonn na cuairteanna seo cumarsáid, idir neamhfhoirmeálta agus foirmeálta, idir an Lucht Siúil, agus oifigigh. Tá an Coiste buíoch i gcónaí leo siúd ar fad a chuidíonn leis na cuairteanna seo, ach go háirithe leis na teaghlaigh a thugann cur síos ar a dtaithí agus a chuireann fáilte roimh chomhaltaí an Choiste ina dteaghlaigh féin. Gné an-thábhachtach d'obair an Choiste is ea na cuairteanna seo, agus is dócha go leanfar díobh san blianta amach anseo.

8. Grúpa Oibre Comhairliúcháin

Agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar oibriú Acht na dTithe (Cóiríocht don Luchbt Siúil), 1998 bhí an Coiste buartha gur minic nach mbíonn comhchomhairle réalaíoch agus bríomhar idir na páirtithe ar fad – maidir le hullmhú/áthbhreithniú srl. ar chláracha, nó mionsonraí scéime ar leith. Mar sin, bhunaigh an Coiste Grúpa Oibre Comhairliúcháin. Iarradh ar an ngrúpa seo tús áite a thabhairt d'fhorbairt mhúnla píolótach comhairliúcháin. Bhí obair an Ghrúpa ar siúl fós ag deireadh na bliana 2004.

9. Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil

Deineadh an comhaireamh bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil ar an 26 Samhain 2004. Tá na sonraí ag Aguisín II. Tugann an tábla thíos achoimre ar an staid cóiríochta do theaghlaigh Lucht Siúil ag deireadh na bliana 2004.

Líon na dTeaghlach Lucht Siúil - Samhain 2004

	Líon na dTeaghlach i	2004	% de theaghlaigh
(a)	Gnáth-thithe (Tithíocht Deonach san áireamh)	2,827	40.44%
(b)	Aonaid Buana Láithreáin Staid	743	10.63%
(c)	Láithreáin Neamhúdaraithe	601	8.60%
(d)	Tithíocht Ghrúpaí	582	8.32%
(e)	Cóiríocht phríobháideach ar cíos	486	6.95%
(f)	Acmhainní féin	464	6.64%
(g)	Tithe príobháideacha le cúnamh ó Údaráis Aitiúla	376	5.38%
(h)	Aonaid Seirbhíse Bunúsacha / Aonaid Láithreáin Staid do Neamhchónaitheoiorí[1]	363	5.19%
(i)	Ag Roinnt Tithíochta (ranna a, d, e, f, g)	334	4.78%
(j)	Ag Roinnt Aonaid Buana Láithreáin Staid	128	1.83%
(k)	Ag Roinnt Aonaid Seirbhíse Bunúsacha / Aonaid Láithreáin Staid do Neamhchónaitheoiorí	87	1.24%
	Iomlán	**6,991**	**100%**

[1] Tá aonaid láithreáin staid sealadacha agus éigeandála san áireamh in Aonaid Seirbhíse Bunúsacha

Airgeadas

Is í an Róinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a íocann costais iomlán oibríochta an Choiste.

Bhí caiteachas de €19,552 ag an gCoiste le linn 2004 (€17,091a bhí mar chaiteachas don bhliain 2003).

Machan, Cathair Chorcaí

Aguisín I
Cóiríocht a Cuireadh ar Fáil sa bhliain 2004

Láithreáin Staid a críochnaíodh sa bhliain 2004

Údarás Áitiúil	Suíomh	Líon na nIonad					
		Nua			Athchóirithe/Athdhéanta		
		Buan	Idirthr	Éigean/ Seal	Buan	Idirthr	Éigean/ Seal
Co. Co. an Chláir	Páirc na bhFeá, Inis	3					
Co. Co. Chorcaí	Machan	3					
Co. Co. Chorcaí	Cnoc an Chuillinn, Cnoc na hAoine				12		
Co. Co. Dhún na nGall	Druoim Béim, Áth an Mhuilinn	1					
Co. Baile Dhún Dealgan	Páirc Fhearann na Coille				4		
Co. Co. Dhún Laoghaire – Ráth Dúin	Cúirt Pháirc na Coille				3		
Comh. Cont. Fhine Gall	Naomh Maighréad, Baile Méic	2					
Comh. Cont. Fhine Gall	Naomh Bríd, Porterstown				5		
Co. Co. na Gaillimhe	Béal Átha Ghártha				3		
Co. Co. Chiarraí	Gort Rua, Cill Airne			2			
Co. Co. Chill Chainnigh	Naomh Caitríona, Cill Chainnigh			1			
Co. Co. Liatroma	Teallach Mór, Maothail	2	2		5		
Co. Co. Ros Comáin	Baile na Coille, Ros Comáin			15			
Co. Co. Shligigh	Baile Fraoich, Sligeach				5		
Co. Co. Bhaile Átha Cliath Theas	Céide an tSeanchaisleáin, Cluain Dolcáin			1			
Co. Co. Bhaile Átha Cliath Theas	Lána Uí Loinsigh, Cluain Dolcáin			1			
Co. Co. Thiob. Árann Theas	Páirc Uí Laighin, Baile an Fhantaigh			4			
Co. Baile Thiob. Árann	Bóthar an Locha			2			
Co. Cath Phort Láirge	Cill Bharra & Carraig na bhFraochán				6		
Co. Co. Loch Garman	Bun Clóidí				6		
Co. Co. Loch Garman	Cluain Riasc, Ros Mhic Thriúin				1		
Iomlán		**11**	**2**	**26**	**50**	**0**	**0**

Láithreáin Staid á dtógáil ag 31 Nollaig 2004

Údarás Áitiúil	Suíomh	Líon na nIonad					
		Nua			Athchóirithe/Athdhéanta		
		Buan	Idirthr	Éigean/ Seal	Buan	Idirthr	Éigean/ Seal
Co. Co. an Chláir	Bealach Buí, Inis			16			
Co. Co. an Chláir	Baile Mhic Ráibhín, Inis Díomáin			3			
Co. Co. Dhún Laoghaire – Ráth Dúin	Gort Mhuire	3					
Co. Co. na Mí	Naomh Pádraig, An Uaimh	2			14		
Co. Co. Ros Comáin	Baile Harris, An Caisleán Riabhach	3			10		
Co. Co. Bhaile Átha Cliath Theas	Taiscumar Belgard	10					
Co. Baile Thiob. Árann	Ceathrú Cloch, Tiobraid Árann			3			
Iomlán		**18**	**0**	**22**	**24**	**0**	**0**

Grúpscéimeanna Tithíochta a críochnaíodh sa bhliain 2004

Údarás Áitiúil	Suíomh	Stádas	
		Nua	Athchóirithe/ Athdhéanta
Co. Co. an Chabháin	Tulach Uí Mhongáin Íocht. – Céim 2	6	
Co. Co. an Chabháin	Céide Chill Uí Mhaonaigh, An Cabhán		2
Co. Co. an Chabháin	Corr an Iúir, An Cabhán		1
Co. Co. an Chláir	Bealach Fada, Droichead an Chláir	6	
Co. Co. an Chláir	Páirc na bhFeá, Inis	3	
Co. Co. an Chláir	Baile Uí Mhurtaigh, Sionna		2
Co. Cath. Chorcaí	Machan	9	
Co. Baile Dhroichead Átha	Bóthar Siminte		4
Co. Cath. Bhaile Átha Cliath	Páirc Avila – Céim 4	6	
Co. Cath. Bhaile Átha Cliath	Páirc Cara		5
Co. Cath. Bhaile Átha Cliath	Páirc Labre		5
Co. Cath. Bhaile Átha Cliath	Garrán na Coille Móire		1
Co. Baile. Dhún Dealgan	Páirc Fhearann Coille	2	
Co. Co. Fhine Gall	Naomh Mhaighréad, Baile Méic	9	
Co. Co. Fhine Gall	Bóthar Ard Catha, Baile Gháire		1
Co. Cath. na Gaillimhe	Pairc Mherlin	5	
Co. Co. na Gaillimhe	Mainistir Chnoc Muaighe, Tuama	3	
Co. Co. na Gaillimhe	Cluain Tuaisceart, Béal Átha na Slua	1	2
Co. Co. na Gaillimhe	Baile Glas, Cill Chonaill		1
Co. Co. na Gaillimhe	Gáirdíní Fahy, Baile Locha Riabha		1
Co. Co. na Gaillimhe	Páirc Phluincéid, Baile Gáire		1
Co. Co. Liatroma	Telalach Mór, Maothail		2
Co. Co. Luimní	Ardán Mhuire, Eas Géitine		1
Co. Co. Luimní	Cúirt na Mainistreach, Ráth Caola		1
Co. Co. Mhuigh Eol	Gort na Silíní, Béal Átha hAmhnais	2	
Co. Co. na Mí	Tigíní Bula, An Uaimh		1
Co. Bhaile Shligigh	Páirc Saileach, Machair Buí		1
Co. Co. Átha Cliath Theas	Coill Tuibear – Cuid V	5	
Co. Co. Loch Garman	Droim Guaile, Inis Córthaigh	1	
Co. Co. Loch Garman	Baile Sheidhin	1	
Co. Co. Loch Garman	An Léim, Maigh Arnaí		1
Co. Co. Loch Garman	Cnoc na Rós, Droighneach		1
Co. Co. Chill Mhantáin	Baile Beag, Ráth Naoi		1
Co. Co. Chill Mhantáin	Carn an Bhua		1
Iomlán		**59**	**36**

Grúpscéimeanna Tithíochta á dtógáil ag 31 Nollaig 2004

Údarás Áitiúil	Suíomh	Stádas	
		Nua	Athchóirithe/ Athdhéanta
Co. Co. an Chabháin	Tulach Uí Mhongáin Íocht	5	
Co. Baile Chluain Meala	Gleann Chonchúir, Cluaion Meala	3	
Co. Baile Chluain Meala	Tigíní an Iarnróid		1
Co. Cath. Bhaile Átha Cliath	Naomh Mhaighréad, Baile Munna	26	
Co. Cath. Bhaile Átha Cliath	Gáirdíní Avila	1	
Co. Co. Fhine Gall	Lios an Halla, Sórd	14	
Co. Co. Mhaigh Eo	An Turlach, Caisleán an Bharra	2	
Co. Co. Ros Comáin	Bóthar Bhéal Átha an Liag, Ros Comáin	5	
Co. Co. Áth Cliath Theas	Baile Creach – Cuid V	10	
Co. Co. Áth Cliath Theas	Naoimh Aodán, Gort an tSrutháin	5	
Co. Baile Thulach Mór	Lána Chancery	4	
Iomlán		**75**	**1**

Tithíocht aonair a ceannaíodh sa bhliain 2004

Údarás Áitiúil	Suíomh
Co. Cath. Bhaile Átha Cliath	Bóthar Chill Chiaráin, Cabrach, BÁC 7
Co. Co. na Gaillimhe	Coill Bheag, Muine an Mheadha
Co. Co. na Gaillimhe	Cragwell, An Baile Mór
Co. Co. Laoise	Cluain Fhada, Portlaoise
Co. Co. Laoise	Cúirt Rossvale, Portlaoise
Co. Co. Mhaigh Eo	Bóthar Lodge, Cathair na Mart
Co. Co. Uíbh Fháilí	Doire Fhada, Tulach Mór
Co. Co. Ros Comáin	Cluain Ard, An Caisleán Riabhach
Co. Co. Chill Mhantáin	Carn an Bhua
Iomlán	**9**

Aguisín II
Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den

Údaráis Áitiúil	A fuair Cóiríocht											
	Gnáth-thithíocht Údaráis Áitiúil			Grúpthithíocht Údaráis Áitiúil			Tithe Príobháideacha le Cúnamh ó Údarás Áitiúil			Curtha ar fáil ag Comhlachtaí Deonacha le Cúnamh ó ÚÁ		
	1			2			3			4		
	2002	2003	2004	2002	2003	2004	2002	2003	2004	2002	2003	2004
Ceatharlach	34	40	40	12	15	14	5	4	6	3	2	1
An Cabhán	29	27	27	4	11	11	0	0	0	0	0	0
An Clár	34	36	31	11	19	30	20	23	30	3	2	3
Corcaigh (Cathair)	132	143	148	0	0	9	5	5	7	1	1	0
Corcaigh (Contae)	88	99	107	14	14	14	10	8	15	0	1	1
Dún na nGall	88	97	91	12	12	11	2	1	1	0	1	3
BÁC (Cathair)	82	101	111	154	153	157	2	2	2	2	2	5
Dún Laogh-Ráth.	44	50	43	24	24	22	0	0	0	0	0	0
Fine Gall	53	57	67	23	30	38	0	0	0	0	0	0
Gaillimh (Cathair)	127	143	151	29	26	26	1	1	1	0	1	2
Gaillimh (Contae)	203	203	215	38	44	50	13	21	29	6	6	7
Ciarraí	168	178	180	0	0	0	38	46	50	0	0	0
Cill Dara	16	25	32	8	8	7	0	0	0	1	0	0
Cill Chainnigh	35	35	35	1	0	0	11	13	13	3	3	3
Laois	39	47	61	4	4	4	9	9	7	2	2	3
Liatroim	2	0	3	0	2	2	0	1	1	0	0	0
Luimneach (Cathair)	12	8	7	9	9	9	2	2	2	0	0	0
Luimneach (Contae)	114	124	130	16	16	16	27	28	28	0	0	0
Longfort	140	155	172	0	0	0	10	6	15	5	9	4
Lú	114	125	129	18	16	19	23	27	30	7	7	8
Maigh Eo	105	119	124	5	5	5	15	15	15	4	4	4
An Mhí	60	68	69	34	41	41	5	5	5	9	9	9
Muineachán	43	47	52	0	0	0	20	20	20	0	0	0
TÁ Thuaidh	73	73	81	9	9	9	2	4	4	0	0	0
Uíbh Fhailí	74	65	67	0	0	0	4	21	23	3	6	5
Ros Comáin	13	13	13	10	10	10	3	3	3	0	0	0
Sligeach	22	27	33	0	0	0	1	1	1	3	3	3
BÁC Theas	101	113	129	24	23	24	8	9	9	0	0	0
TÁ Theas	43	44	49	8	8	8	4	5	5	0	0	0
Port Láirge (Cathair)	92	98	96	0	0	0	0	0	0	4	4	5
Port Láirge (Contae)	9	11	12	0	0	0	0	0	2	0	0	0
An Iarmhí	51	71	71	4	6	6	1	27	27	1	0	0
Loch Garman	94	105	110	14	28	28	16	20	22	3	3	7
Cill Mhantáin	61	66	67	8	12	12	2	2	3	1	1	1
IOMLÁN	**2,395**	**2,613**	**2,753**	**493**	**545**	**582**	**259**	**329**	**376**	**61**	**67**	**74**

Lucht Siúil in 2004

	Iomlán									Iomlán		
	Láithreáin Staid Údaráis Áitiúil			Cóiríocht curtha ar fáil ag Údarás Áitiúil nó le Cúnamh ó ÚÁ			Ar Láithreáin Neamhúdaraithe			Ag fáil Cóiríochta ó chúnamh ó nó le ÚÁ agus ar láithreáin neamhúdaraithe		
	5			6			7			8		
	2002	2003	2004	2002	2003	2004	2002	2003	2004	2002	2003	2004
	7	10	4	61	71	65	16	8	3	77	79	68
	21	17	18	54	55	56	2	7	3	56	62	59
	25	33	22	93	113	116	54	34	18	147	147	134
	70	66	62	208	215	226	32	9	14	240	224	240
	14	12	11	126	134	148	49	43	37	175	177	185
	35	28	26	137	139	132	6	5	3	143	144	135
	153	171	159	393	429	434	62	71	41	455	500	475
	29	36	25	97	110	90	15	10	11	112	120	101
	173	180	152	249	267	257	35	15	7	284	282	264
	36	42	44	193	213	224	1	0	0	194	213	224
	24	31	27	284	305	328	72	56	41	356	361	369
	30	30	28	236	254	258	11	6	7	247	260	265
	29	29	17	54	62	56	50	16	28	104	78	84
	14	16	16	64	67	67	16	7	9	80	74	76
	12	19	13	66	81	88	18	17	9	84	98	97
	26	41	33	28	44	39	0	3	0	28	47	39
	43	36	42	66	55	60	6	0	1	72	55	61
	27	31	33	184	199	207	101	111	81	285	310	288
	18	15	16	173	185	207	4	13	9	177	198	216
	11	6	10	173	181	196	12	11	13	185	192	209
	6	6	3	135	149	151	46	42	43	181	191	194
	49	52	49	157	175	173	1	4	4	158	179	177
	11	6	13	74	73	85	8	3	2	82	76	87
	19	18	20	103	104	114	29	28	33	132	132	147
	32	28	42	113	120	137	43	42	27	156	162	164
	23	18	27	49	44	53	15	12	5	64	56	58
	27	30	34	53	61	71	21	30	22	74	91	93
	237	257	232	370	402	394	31	29	4	401	431	398
	17	22	21	72	79	83	20	22	17	92	101	100
	20	21	21	116	123	122	2	4	2	118	127	124
	12	11	11	21	22	25	14	2	8	35	24	33
	19	35	37	76	139	141	7	0	2	83	139	143
	18	15	23	145	171	190	111	96	74	256	267	264
	27	30	30	99	111	113	29	32	23	128	143	136
	1,314	**1,398**	**1,321**	**4,522**	**4,952**	**5,106**	**939**	**788**	**601**	**5,461**	**5,740**	**5,707**

Measatachán ar Líon Iomlán na dTeaghlach Lucht Siúil i gCatagóirí uilig Cóiríochta sa bhliain 2004

Údarás Áitiúil	Ag fáil Cóiríochta ó nó le cúnamh ó ÚÁ	Ar Láithreáin Neamh-údaraithe	Acmhainní féin (Measta)	Príobh-áideach Ar cíos (Measta)	Tithíocht Roinnte	Iomlán
	Ó Leath 23, Colún 6	Ó Leath 23, Colún 7	3	4	5	6
Ceatharlach	65	3	10	3	14	**95**
An Cabhán	56	3	0	0	2	**61**
An Clár	116	18	2	29	20	**185**
Corcaigh (Cathair)	226	14	2	14	11	**267**
Corcaigh (Contae)	148	37	10	18	19	**232**
Dún na nGall	132	3	0	29	5	**169**
BÁC (Cathair)	434	41	0	13	22	**510**
Dún Laogh-Ráth.	90	11	0	0	0	**101**
Fine Gall	257	7	0	35	5	**304**
Gaillimh (Cathair)	224	0	1	41	14	**280**
Gaillimh (Contae)	328	41	4	29	16	**418**
Ciarraí	258	7	15	5	8	**293**
Cill Dara	56	28	15	7	3	**109**
Cill Chainnigh	67	9	5	6	5	**92**
Laois	88	9	5	13	5	**120**
Liatroim	39	0	0	9	0	**48**
Luimneach (Cathair)	60	1	0	6	3	**70**
Luimneach (Contae)	207	81	100	10	52	**450**
Longfort	207	9	25	17	23	**281**
Lú	196	13	31	40	15	**295**
Maigh Eo	151	43	8	18	12	**232**
An Mhí	173	4	0	5	3	**185**
Muineachán	85	2	1	6	2	**96**
TÁ Thuaidh	114	33	0	5	3	**155**
Uíbh Fhailí	137	27	4	14	2	**184**
Ros Comáin	53	5	0	4	11	**73**
Sligeach	71	22	0	2	11	**106**
BÁC Theas	394	4	25	55	4	**482**
TÁ Theas	83	17	7	4	4	**115**
Port Láirge (Cathair)	122	2	32	10	5	**171**
Port Láirge (Contae)	25	8	1	1	0	**35**
An Iarmhí	141	2	73	14	5	**235**
Loch Garman	190	74	86	20	28	**398**
Cill Mhantáin	113	23	2	4	2	**144**
IOMLÁN	**5,106**	**601**	**464**	**486**	**334**	**6,991**

Páirc na bhFeá, Inis, Co. an Chláir

Iomlán Ginearálta a fuair Cóiríocht ó nó le Cúnamh ó ÚÁ agus ar Láithreáin Neamhúdaraithe = 5,707



Láithreáin Staid Fhaofa Seirbhísithe – 2004

Líon na dTeaghlach



Ar Láithreáin Neamhúdaraithe – 2004

Líon na dTeaghlach



Teaghlaigh a Fuair Cóiríocht

Gnáth-thithíoch



Grúpthithíocht



Láithreáin Staid



Láithreáin Neamhúd